



# **Cód Cleachtais Cóirthrádála**

*1 Meán Fómhair 2020*

Réamhrá .....	3
Léiritheoirí Neamhspleácha– Ár nGealltanais maidir le Seirbhísí .....	4
Cúlra an Chóid Cleachtais Cóirthrádála .....	5
Forléargas ar an bPróiseas Coimisiúnúcháin & Forbartha .....	6
Cearta a fháil .....	7
Deiseanna Tráchtála .....	16
Cartlann .....	17
Comhlíontacht .....	17
An Cód Cleachtais Cóirthrádála a Chomhlíonadh .....	18
Leasuithe ar an gCód Cleachtais Cóirthrádála .....	18
Réiteach Díospóidí.....	18
Eisiaimh i leith an Chóid Cleachtais Cóirthrádála .....	18
Cumarsáid le TG4.....	19

## Réamhrá

Is é TG4 an tseirbhís teilifíse náisiúnta Gaeilge a bunaíodh le reacht sa bhliain 1996 agus atá á maoiniú ag an Rialtas chun raon iomlán ábhair ardchaighdeáin Gaeilge a chur ar fáil dá lucht féachana in Éirinn agus thar lear. Is Craoltóir Seirbhíse Poiblí é.

Is é atá i misean TG4 ná *“seirbhís teilifíse agus ábhar Gaeilge de chineál mealltach nuálach a chur ar fáil lena ndéantar ceiliúradh ar chruthaitheacht na Gaeilge agus ar an bhféiniúlacht a ghabhann léi - teanga, cultúr, ceol agus spórt agus iad pacáistithe agus á gcur i láthair ar bhealach atá sorochtana agus tarraingteach d’fhonn dul i dteagmháil le lucht féachana in Éirinn agus ar fud an domhain”*.

Tá cuspóirí TG4 sonraithe in Alt 118 den Acht Craolacháin 2009 agus áirítear an méid seo a leanas ina measc:

1. Seirbhís craolacháin teilifíse náisiúnta, ar de ghné seirbhíse poiblí í, a bhunú agus a chothabháil agus a oibriú;
2. Suíomh gréasáin agus seirbhísí teilitéacs a bhunú agus a chothabháil;
3. Cartlanna agus leabharlanna a bhunú agus a chothabháil;
4. Seirbhís craolacháin teilifíse, ar de ghné seirbhíse poiblí í, agus is seirbhís a bheidh le cur ar fáil do phobail Éireannacha lasmuigh d’oileán na hÉireann, a bhunú agus a chothabháil;
5. Seirbhísí meán closamhairc neamhchraolacháin neamhlíneacha, a bhunú agus a chothabháil, ar seirbhísí de ghné seirbhíse craolacháin poiblí iad;
6. An tseirbhís a chur ar fáil ar gach ardán; agus
7. Cibé deiseanna tráchtála a shaothrú a thagann chun cinn de bhun a chuspóirí reachtúla eile.

Le linn a chuspóirí a bhaint amach, tá sainordú sonrath ag TG4 i leith raon cuimsitheach clár a sholáthar mar a leanas:

- cláir as Gaeilge go príomha;
- cláir a léiríonn éagsúlacht chultúir oileán na hÉireann uile;
- cláir lena gcuirtear siamsa, eolas agus oideachas ar fáil;
- cláir lena gcuirtear tuairisciú ar ghníomhaíochtaí spóirt, reiligiúin agus cultúir ar fáil;
- cláir nuachta agus chúrsaí reatha, as Gaeilge go príomha;
- cláir do leanaí; agus
- cláir lena soláthraítear tuairisciú ar imeachtaí i dTithe an Oireachtais agus i bParlaimint na hEorpa.

Faoin reachtaíocht a bhaineann le cúrsaí craolacháin, ceadaítear do TG4 cláir a thionscnamh, agus cláir a fháil, ó aon fhoinse. Mar fhoilsitheoir/chraoltóir, coimisiúnaíonn TG4 méid suntasach clár bunaidh Gaeilge ó earnáil na léiriúcháin neamhspleách Gaeilge. Fáiltíonn TG4 an cur chuige comhoibríoch sin leis an earnáil mar mhodh lena chinntiú go mbíonn seirbhís ardchaighdeáin teilifíse agus ábhair ann don lucht féachana Gaeilge in Éirinn agus thar lear.

Is ionann branda TG4 agus a rá go mbeidh ábhar láidir cruthaitheach Gaeilge ann. Beidh ábhar TG4 ar fáil in árais teaghlaigh, ar fheistí soghluaiste agus i bpictiúrlanna, agus ar oileán na hÉireann agus ar fud an domhain araon, trí bhíthin soláthar díreach agus soláthar sindeacáite. Ar an dóigh sin, cinnteoidh TG4 rochtain uilíoch ar an nGaeilge agus normalú na Gaeilge i saol laethúil mhuintir na hÉireann.

Ina theannta sin, geallann TG4 a mhaoiniúcháin poiblí go léir a chaitheamh ar choimisiúnú, ar léiriú agus ar chraoladh ábhair Gaeilge.

## Léiritheoirí Neamhspleácha – Ár nGealltanais maidir le Seirbhísí

De réir na reachtaíochta lena mbaineann, tá sainordú tugtha do TG4 léiriú cultúir comhaimseartha a éascú, nó cabhair a thabhairt ina leith sin agus nuálaíocht agus turgnamhaíocht spreagadh nó a chur chun cinn i réimse na craoltóireachta. Comhlíonann TG4 an sainordú sin trí ardchaighdeán a spreagadh i dtaca le cáilíocht na gclár (i measc gníomhaíochtaí eile), de bhreis ar thacaíocht a thabhairt i ndáil le tallann agus acmhainní cruthaitheachta earnáil na léiriúcháin neamhspleách Gaeilge.

Trí ghníomhaíochtaí coimisiúnúcháin ábhair TG4, féachtar le tacaíocht a thabhairt d'earnáil láidir léiriúcháin neamhspleách agus le hoibriú go díreach chun spreagadh a thabhairt i leith an eolais agus na cruthaitheachta a bhaineann leis an earnáil.

Mar Chraoltóir Seirbhíse Poiblí a oibríonn, den chuid is mó, de réir an mhúnla Foilsitheora-Craoltóra, tá TG4 tiomanta i leith na n-aidhmeanna déacha ar dá réir a oibrítear i gcomhpháirtíocht chothrom chomhthairbheach le hearnáil na léiriúcháin neamhspleách agus, ag an am céanna, a dhéantar deimhin de go mbaintear an úsáid is éifeachtúla agus is féidir as an maoiniúcháin poiblí a fhaigheann sé.

Ar bhonn bliantúil, coimisiúnaíonn TG4 raon leathan seánraí éagsúla cláir ó earnáil na léiriúcháin neamhspleách, ar cláir iad a chraoltar i ngach cuid den sceideal lena n-áirítear craoladh le linn buaicamanna.

Tá TG4 tiomanta i leith tacú le hearnáil na léiriúcháin neamhspleách trí oibriú go dlúth le cuideachtaí soláthair ag gach céim den phróiseas coimisiúnúcháin ón tráth is túisce nuair a fhorbraítear an coincheap cruthaitheach go dtí na céimeanna léiriúcháin agus iarléiriúcháin de gach tionscadal ar leith.

Tá TG4 tiomanta i leith oibriú le hearnáil na léiriúcháin neamhspleách ar mhodh cóir macánta. Mar thacaíocht ina leith sin, tá dhá phríomhshásra ann (gan trácht ar chinn eile) lena chinntiú go bhfuil caidreamh tráchtála TG4 le léiritheoirí neamhspleácha trédhearcach, is é sin le rá:

- An Cód Cleachtais Cóirthrádála seo
- Próisis choimisiúnúcháin agus forbartha atá struchtúraithe chun trédhearcacht agus cothroime a chinntiú. Tá mionsonraí ina leith sin le fáil sa doiciméad dar teideal **Próisis Choimisiúnúcháin agus Forbartha TG4**. Féach [www.tg4.ie/](http://www.tg4.ie/)

## Cúlra an Chóid Cleachtais Cóirthrádála

Faoi Alt 112 (1) den Acht Craolacháin 2009, ceanglaítear ar TG4 araon Cód Cleachtais Cóirthrádála a ullmhú agus a fhoilsiú, ar cód é ina leagtar amach na prionsabail a mbeidh feidhm acu le linn téarmaí a chomhaontú chun bunábhar clár ó léiritheoirí neamhspleácha a choimisiúnú.

Ina theannta sin, ordaítear d'Údarás Craolacháin na hÉireann (ÚCÉ) treoir a eisiúint chuig Craoltóirí Seirbhíse Poiblí (CSP-anna) maidir le formáid an Chóid seo. Leis an Acht, ordaítear do ÚCÉ a chinntiú gur de chineál ginearálta a bheidh an treoir sin agus nach ndéanfaí na míreanna áirithe a bheidh le cur san áireamh sa Chód a shonrú inti. Is i mí na Samhna 2017 a d'eisigh ÚCÉ doiciméad treorach dar teideal *Cód Cleachtais Cóirthrádála: Treoir do Chraoltóirí Seirbhíse Poiblí*.

Bhreithnigh TG4 ábhar dhoiciméad treorach ÚCÉ le linn an Cód Cleachtais Cóirthrádála seo a dhréachtú, ar cód é a cuireadh faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (“an tAire”), agus atá ceadaithe ag an Aire tar éis dul i gcomhairle le ÚCÉ.

Leis an Acht Craolacháin 2009, ordaítear do TG4 tagairt dá chur chuige maidir leis an méid seo a leanas a chur san áireamh ina chód:

- (a) Cearta a fháil;
- (b) Coimisiúnú ilbhliantúil; agus
- (c) Clár ama do chaibidlí conarthacha.

Ní hamháin go gcuirtear cur chuige TG4 i leith an méid sin thuas i láthair ina Chód Cleachtais Cóirthrádála tugtar léiriú sa chód freisin ar an gceanglas atá ar TG4, ina cháil mar eagraíochta a fhaigheann maoiniúchán poiblí, a chinntiú go gceaptar a chleachtais trádála sa chaoi go gcumasaítear dó a chuid cuspóirí reachtúla a chomhlíonadh agus a chinntiú go mbaineann sé an úsáid is éifeachtaí agus is féidir as airgead poiblí.

Déantar na doiciméid dá dtagraítear sa Chód seo a athbhreithniú agus a uasdátú ó am go ham.

## Forléargas ar an bPróiseas Coimisiúnúcháin & Forbartha

Tá doiciméad dar teideal *Próisis Choimisiúnúcháin agus Forbartha TG4* foilsithe ag TG4. Sa doiciméad sin, déantar nósanna imeachta do sholáthraithe (lena n-áirítear próiseas maidir le tograí coimisiúnúcháin a chur faoi bhráid TG4 agus amchláir chinnteoireachta etc.), paraiméadair bhuiséid agus mionsonraí teagmhála a leagan amach agus, chomh maith leis sin, soláthraítear achoimre ar na modhanna meastóireachta agus aiseolais a úsáideann TG4 le linn ábhar a choimisiúnú. Déantar na próisis sin a athbhreithniú agus a uasdátú ar bhonn leanúnach. Tugtar léiriú ar na príomhghnéithe de na próisis sin sa doiciméad dar teideal *Próisis Choimisiúnúcháin agus Forbartha TG4*.

Aithníonn TG4 an tábhacht atá ag trédhearcacht agus ag soláthar aiseolais shoiléir i ndáil leis an bpróiseas coimisiúnúcháin agus léiriúcháin. Tá sé tiomanta i leith na bpríomhghnéithe den chaidreamh le hearnáil na léiriúcháin neamhspleách.

### **Maoiniúchán forbartha**

- Tar éis breithniú a dhéanamh ar an tiarratas, féadfaidh TG4 cinneadh a dhéanamh chun forbairt clár/sraithe a mhaoiniú. Má chinneann TG4 forbairt clár/sraithe a mhaoiniú, eiseoidh sé Conradh maidir le forbairt. Is le TG4 agus leis an gcuideachta léiriúcháin na cearta go léir sa saothar a fhorbraítear ar bhonn cothrom mar thionóntaí i gcoiteanna, ach amháin ar chúinsí eisceachtúla.
- I gcás ina gcinneann TG4, ar bhonn an tsaothair a fhorbraítear, gan clár/sraith a léiriú, aontaíonn TG4 gach ceart a bhí ag TG4 sa saothar a fhorbraítear a athshannadh don chuideachta léiriúcháin tar éis an maoiniúcháin forbartha a bheith aisíoctha. Ach coimeádann TG4 an ceart chun creidiúint deiridh, is é sin, “arna fhorbairt i gcomhar le TG4”, a fháil ar an modh a chomhaontaítear le TG4, in aon chlár a gcoimisiúnaíonn tríú páirtí é agus ina n-úsáidtear an saothar a fhorbraítear.
- Má chinneann TG4 clár/sraith a choimisiúnú ar bhonn an tsaothair a fhorbraítear, déantar na cearta i leith an chláir choimisiúnaithe/na sraithe coimisiúnaithe a shonrú i gcomhaontú ar leithligh ar a dtugtar an comhaontú coimisiúnaithe cláir.

### **Clár/Sraith a choimisiúnú**

- Tar éis breithniú a dhéanamh ar an tiarratas, féadfaidh TG4 cinneadh a dhéanamh chun an clár/an tsraith a choimisiúnú. Is é atá sa rud is tábhachtaí i dtaca le cinneadh a dhéanamh i dtaobh an gcoimisiúnófar cuideachta léiriúcháin chun clár/sraith a léiriú ná oiriúnacht an ábhair lena chur san áireamh i sceideal craolacháin TG4. Beidh úrnuacht, ábhar Gaeilge, sármhaitheas fhíseach agus fachtóirí eile eagarthóireachta ina gcuid den mhéastóireacht freisin.
- Tá *Próisis Choimisiúnúcháin agus Forbartha TG4* dréachtaithe agus foilsithe ag TG4 agus is doiciméad é sin ina leagtar amach mionsonraí an phróisis seo agus an cur chuige i leith chaibidlíú an Bhuiséid Léiriúcháin agus Comhaontuithe maidir le Sreabhadh Airgid.
- Coimisiúnóidh TG4 clár trí bhíthin conarthaí i leith clár nó sraith ar leithligh agus trí bhíthin conarthaí ilbhliantúla de réir mar a éilíonn riachtanais an sceidil.

## Ceartha a fháil

Faigheann TG4 cearta chun a chumasú dó a chuspóirí reachtúla a chomhlíonadh. De bhreis air sin, is é is cuspóir dó sin ná a chumasú do TG4 oiriúnú agus freagairt a dhéanamh i leith dálaí athraitheacha margaidh, forbairtí teicneolaíochta agus riachtanais athraitheacha an lucht féachana agus, ag an céanna i gcónaí, á chinntiú, mar eagraíocht a fhaigheann maoiniúchán poiblí, go bhfaightear luach ar airgead.

Chun críocha an Chóid Cleachtais Cóirthrádála, beidh na bríonna seo a leanas ag na téarmaí seo a leanas:

Ciallaíonn ‘Formáid’ na saintréithe de chuid an chlár ar dá réir is féidir an Clár a shainnithint marchlár ag a bhfuil féiniúlacht uathúil bhunúil agus modh uathúil bunúil léiriúcháin agus ar clár é ar féidir é a dhíol mar “formáid” de réir mar a thuigtear an téarma sin sa tionscal léiriúcháin closamhairc, scannánaíochta agus teilifíse.

Ciallaíonn ‘Dáta an Chéad Chraolacháin’ an dáta a ndéanann TG4 Clár a chur ar fáil den chéad uair (nó, más sraith atá i gceist, an dáta a gcuirtear an eipeasóid deiridh den tsraith sin ar fáil) don phobal nó a seachadann TG4 an Clár don phobal ar aon ardán NÓ an dáta atá 9 (naoi) mí tar éis do TG4 glacadh le seachadadh an Chláir, cibé dáta acu is túisce (ar choinníoll nach ionann réamhbhlaiseadh nó ábhar poiblíochta a chur ar fáil don phobal roimh chraoladh tosaigh an Chláir ar fad agus “an chéad chraolachán” chun críocha an tsainmhíneithe seo).

Ciallaíonn ‘Ollfháltais’ an méid iomlán a fhaightear i leith saothrú tráchtála cláir, nó Clár Idirnáisiúnta, ar aon mhodh roimh asbhaint aon choimisiúin dáileacháin/coimisiúin gníomhaire díolachán, costas dáileacháin agus/nó aon mhéideanna comhaontaithe maidir le hiarchur.

Ciallaíonn ‘Glanbhrabúis’ na suimeanna a fhaigheann TG4 nó an Léiritheoir ar suimeanna iad a thuilltear ó shaothrú tráchtála Cláir, nó Clár Idirnáisiúnta, ar aon mhodh, tar éis asbhaint aon choimisiúin dáileacháin/aon choimisiúin gníomhaire díolachán agus tar éis asbhaint costas dáileacháin (nach mó a mhéid iomlán ná 30% de na hOllfháltais) agus/nó tar éis asbhaint aon mhéideanna comhaontaithe maidir le hiarchur.

Ciallaíonn ‘Tréimhse Rogha TG4’ an tréimhse 12 sheachtain (dhá sheachtain déag) dar tús deireadh na Tréimhse Tosaigh Ceadúnais.

Ciallaíonn ‘Tréimhse Tosaigh Ceadúnais’ an tréimhse dar tosach tráth sínithe an chonartha coimisiúnaithe cláir agus dar críoch 5 bliana agus 7 lá ó Dháta an Chéad Chraolacháin.

Ciallaíonn ‘Tréimhse an Dara Ceadúnais’ an tréimhse 5 bliana agus 7 lá ón dáta a n-athfhaigheann TG4 Ceartha Príomha/Ilardáin sa Chlár ón Léiritheoir tar éis do TG4 an rogha maidir le hathfháil na gCeartha Príomha/Ilardáin a fheidhmiú tar éis dheireadh na Tréimhse Tosaigh Ceadúnais.

Ciallaíonn ‘Clár’ aon chlár, eipeasóide aonair nó aon sraith ileipeasóide clár a léiríonn an Léiritheoir do TG4 faoi chonradh coimisiúnaithe cláir agus a léirítear go príomha sa Ghaeilge agus ina n-áirítear codanna den Chlár agus gach fuaimthairfeadadh atá ann i bhfuaimrian an Chláir agus sleachta as fuaimthairfeadtaí agus/nó as scannáin eile atá ionchorpraithe sa Chlár, mar aon le hábhar bolscaireachta, fotheidil, láithreáin ghréasáin a bhaineann leis an gClár, feidhmchlár idirghníomhacha agus ábhar eile a léiríonn an Léiritheoir de bhun an chomhaontaithe coimisiúnaithe cláir.

Ciallaíonn ‘Clár Idirnáisiúnta’ aon leagan de Chlár a léiríonn an Léiritheoir, nó a léirítear thar ceann an Léiritheora, cé is moite den leagan Gaeilge den Chlár.

Ciallaíonn ‘Rátaí Cárta Rátaí’ cárta rátaí TG4 a chomhaontaítear idir TG4 agus SPI agus ina sonraítear na rátaí athnuachana ceadúnais atá iníoctha ag TG4 le Léiritheoirí i leith athfháil Ceart Príomha/Ilardáin ag TG4.

Ciallaíonn ‘Cearta Tánaisteacha’ Cearta Foghabhálacha agus Cearta Díola Gearrthóg le chéile.

Ciallaíonn ‘Cearta Foghabhálacha’ na cearta sin sa Chlár atá leagtha amach i gclásal 5 thíos.

Ciallaíonn ‘Cearta Díola Gearrthóg’ na cearta sin sa Chlár atá leagtha amach i gclásal 6 thíos.

Ciallaíonn ‘Cearta Dáileacháin’ na cearta sin sa Chlár atá leagtha amach i gclásal 3 thíos.

Ciallaíonn ‘Cearta Coimeádta’ na cearta sin sa Chlár seachas na cinn sin a dheonaíonn an Léiritheoir do TG4 faoi chonradh coimisiúnaithe cláir.

Ciallaíonn ‘Cearta Príomha/Ilardáin’ na cearta sin sa Chlár atá leagtha amach i gclásal 4 thíos.

Ciallaíonn ‘Léiritheoir’ aon chuideachta léiriúchán neamhspleách a léiríonn Clár faoi chonradh coimisiúnaithe cláir.

Ciallaíonn ‘Tréimhse Deich mBliana’ an tréimhse atá comhionann leis an Tréimhse Tosaigh Ceadúnais móide an Dara Tréimhse Cheadúnais móide Tréimhse Rogha TG4.

## **1. Cóipcheart**

Is é atá sa bhunphrionsabal a úsáideadh i leith an Chóid seo ná gurb é an Léiritheoir a shealbhóidh an cóipcheart i gClár agus in aon Chlár Idirnáisiúnta, mura rud é go gcomhaontaíonn an Léiritheoir a mhalairt go frithpháirteach le TG4.

## **2. Cearta a dheonaítear do TG4**

- (a) Déanfaidh an Léiritheoir na Cearta Príomha/Ilardáin i gClár a dheonú go heisiach do TG4 le haghaidh na Tréimhse Tosaigh Ceadúnais.
- (b) Déanfaidh an Léiritheoir na Cearta Tánaisteacha i gClár a dheonú do TG4 go suthain, ach sin faoi réir na bhforálacha eisiachais a bhaineann leis na cearta sin de réir mar a chuirtear in iúl i gclásal 5 (Cearta Foghabhálacha) agus i gclásal 6 (Cearta Díola Gearrthóg).
- (c) Beidh rogha eisiach ag TG4, ar rogha í a bheidh infheidhmithe ag TG4 aon tráth roimh dheireadh Thréimhse Rogha TG4, nó i rith na tréimhse sin, chun na Cearta Príomha/Ilardáin i gClár a athfháil ón Léiritheoir le haghaidh an Dara Tréimhse Cheadúnais. Feidhmeoidh TG4 an rogha sin trí fhógra i scríbhinn á rá go bhfuil sé ar intinn ag TG4 déanamh amhlaidh a thabhairt don Léiritheoir agus trí tháille cheadúnais a íocfaidh TG4 leis an Léiritheoir de réir Rátaí Carta Rátaí.
- (d) Maidir le haon chomhaontuithe dáileacháin a dhéanfaidh an Léiritheoir i leith an Chláir agus/nó i leith an Chláir Idirnáisiúnta le linn na Tréimhse Deich mBliana, ní mór iad a thabhairt i gcrích ar an mbonn go mbeidh na Cearta Príomha/Ilardáin ar fáil i gcónaí lena



bhfeidhmiú ina n-iomláine ag TG4 le linn na Tréimhse Deich mBliana agus ar an mbonn go bhfuil na Cearta Tánaisteacha infheidhmithe ag TG4 go suthain.

- (e) Maidir le haon cheart i gClár, i gClár Idirnáisiúnta nó i bhFormáid faoin gCód seo, ar ceart é atá infheidhmithe ag an Léiritheoir, is amhlaidh go mbeidh sé, i ngach cás agus chun amhras a sheachaint, gan dochar ar fad do na Cearta Príomha/Ilardáin agus do na Cearta Tánaisteacha sa Chlár a dheonaíonn an Léiritheoir do TG4.

### 3. Cearta Dáileacháin

Maidir leis na Cearta Dáileacháin agus na Cearta Coimeádta i gClár agus in aon Chlár Idirnáisiúnta, fanfaidh siad leis an Léiritheoir agus féadfaidh an Léiritheoir iad a fheidhmiú, ach sin faoi réir na srianta agus na bhforálacha seo a leanas agus, ina theannta sin, gan dochar do chlásal 2(e):

- (a) Féadfaidh an Léiritheoir na Cearta Dáileacháin a fheidhmiú in aon mheán nó in aon fhormáid (atá ar eolas anois nó atá le forbairt fós), lena n-áirítear DVD, sruthú ar líne, íoslódáil chun Úinéireacht a fháil, Físeán ar Éileamh, Garfhíseán ar Éileamh, Íoc ar Fhéachaint, gan bheith teoranta don mhéid sin, agus gach ceart coimhdeach agus marsantaithe atá ionchorpraithe sa Chlár agus sa Chlár Idirnáisiúnta, nó a dhíorthaíonn ón gClár nó ón gClár Idirnáisiúnta, a fheidhmiú beag beann ar mhodh an tsaothraithe, ach sin faoi réir, i gcónaí, na srianta atá leagtha amach sa chlásal 3 seo.
- (b) Ní fhéadfaidh an Léiritheoir aon cheann de na Cearta Dáileacháin a fheidhmiú ar oileán na hÉireann i rith na Tréimhse Deich mBliana mura rud é go roghnóidh TG4 gan leas a bhaint as na Cearta Príomha/Ilardáin a athfháil le haghaidh an Dara Tréimhse Cheadúnais agus, sa chás sin, féadfaidh an Léiritheoir na Cearta Dáileacháin a fheidhmiú ar oileán na hÉireann tar éis dheireadh na Tréimhse Tosaigh Cheadúnais agus na Tréimhse Rogha le chéile.
- (c) Ní fhéadfaidh an Léiritheoir na Cearta Dáileacháin a fheidhmiú lasmuigh d'oileán na hÉireann go dtí 28 lá (ocht lá is fiche) tar éis Dháta an Chéad Chraolacháin.
- (d) Feidhmiú na gCearta Dáileacháin ag an Léiritheoir i rith na Tréimhse Deich mBliana:
  - (i) Oileán na hÉireann: Le linn na Tréimhse Deich mBliana, ní fhéadfaidh an Léiritheoir na Cearta Príomha/Ilardáin sa Chlár nó sa Chlár Idirnáisiúnta a fheidhmiú, nó ní fhéadfaidh an Léiritheoir a cheadú d'aon tríú páirtí na cearta sin a fheidhmiú, ar oileán na hÉireann.
  - (ii) Lasmuigh d'oileán na hÉireann: Maidir le sceitheadh neamhbheartaithe Clár Idirnáisiúnta atá ceadúnaithe i gcríoch lasmuigh d'oileán na hÉireann, agus i gcás inarb é atá sa sprioclucht féachana don Chlár Idirnáisiúnta (lena n-áirítear margáíocht agus poiblíocht maidir leis an gClár Idirnáisiúnta) ná lucht féachana lasmuigh d'oileán na hÉireann agus, i gcás nach ndéantar spriocdhírú ar lucht féachana ar oileán na hÉireann, ní mheasfar gurb ionann an méid sin agus sárú ar an srian ag 3(d)(i) thuas.

- (iii) Lasmuigh d’oileán na hÉireann: Le linn na Tréimhse Deich mBliana, cinnteoidh an Léiritheoir go mbeidh geobhlocáil déanta ar aon seirbhís ar líne a ndéantar an Clár nó an Clár Idirnáisiúnta a chur ar fáil uirthi lasmuigh d’oileán na hÉireann ionas nach mbeidh sé ar fáil d’úsáideoirí idirlín ar oileán na hÉireann.
  - (iv) Beidh rogha aonair eisiach ag TG4 chun toiliú a thabhairt, ar bhonn eisceachtúil agus ócáideach, le gach srian, nó le cuid de na srianta, a leagtar amach i gclásal 3(d)(i) a chealú.
  - (v) Ní bheidh feidhm ag na srianta i gclásal 3(d)(i) go (iii) thuas tar éis na Tréimhse Tosaigh Ceadúnais agus Thréimhse Rogha TG4 le chéile más rud é go gcinneann TG4 gan a rogha eisiach a fheidhmiú maidir le Cearta Príomha/Ilardáin a athfháil le haghaidh an Dara Tréimhse Cheadúnais, ach sin faoi réir, i gcónaí, chlásal 3(j) thíos.
- (e) I rith na Tréimhse Deich mBliana (i rith na Tréimhse Tosaigh Ceadúnais agus na Tréimhse Rogha le chéile, má chinneann TG4 gan a rogha a fheidhmiú maidir le Cearta Príomha/Ilardáin a athfháil le haghaidh an Dara Tréimhse Cheadúnais), beidh gá le toiliú TG4 i leith cheapadh aon dáileora Cláir agus/nó Cláir Idirnáisiúnta agus tá an ceart sin ar thoiliú le feidhmiú de mheon macánta i gcónaí agus oibleagáidí reachtúla TG4 i leith chur cinn clár Gaeilge ar oileán na hÉireann agus thar lear agus ionchais dhlisteanacha tráchtála an Léiritheora agus TG4 araon á gcur san áireamh. Mar an gcéanna, is gá toiliú TG4 a fháil i leith aon fheachtas margaíochta nó poiblíochta a bheartaítear i leith fheidhmiú na gCearta Dáileacháin i rith na tréimhse céanna.
  - (f) Maidir le ceapadh aon dáileora nó aon fhodháileora, nó i gcás ina ndéanann an Léiritheoir cearta i gClár nó in aon Chlár Idirnáisiúnta a dhíol go díreach gan dáileoir a bheith i gceist, beidh cearta cigireachta ag TG4 i leith leabhair chuntais agus thaifid an Léiritheora/dáileora/fhodháileora maidir leis an dáileadh agus maidir leis an saothrú sin i leith an Chláir/Chláir Idirnáisiúnta sin.
  - (g) Ní fhéadfar níos mó ná 30% (tríocha faoin gcéad) de na hOllfháltais a asbhaint ar mhodh coimisiún dáileacháin iomlán agus costais dáileacháin, is cuma cé acu an Léiritheoir, aon dáileoir nó aon fhodháileoir atá i gceist.
  - (h) Déanfaidh an Léiritheoir an céatadán de na hOllbhrabúis a dtugtar mionsonraí ina leith sa roinn den Chód seo dar teideal Deiseanna Tráchtála a íoc le TG4 go suthain.
  - (i) I rith aon tréimhse ar lena linn a shealbhaíonn TG4 Cearta Príomha/Ilardáin sa Chlár, cibé acu sa Tréimhse Tosaigh Ceadúnais, sa Dara Tréimhse Cheadúnais nó in aon tréimhse cheadúnais dá éis sin, beidh gá le toiliú TG4 le téarmaí aon chomhaontuithe dáileacháin a dhéantar i leith Chláir nó i leith Clár Idirnáisiúnta agus beidh an toiliú sin le feidhmiú ag TG4 de mheon macánta agus oibleagáidí TG4 i leith chur chun cinn clár Gaeilge ar oileán na hÉireann agus thar lear agus ionchais dhlisteanacha tráchtála an Léiritheora agus TG4 araon á gcur san áireamh.
  - (j) Le linn aon chomhaontú dáileacháin a dhéanamh i leith Cláir tar éis na Tréimhse Deich mBliana, tabharfaidh an Léiritheoir fógra i scríbhinn d’Ard-Stiúrthóir TG4 á rá go bhfuil sé ar intinn ag an Léiritheoir amhlaidh a dhéanamh agus déanfaidh TG4, i gcomhthéacs an tsocraithe dáileacháin a bheidh beartaithe, fógra a thabhairt i dtaobh aon eilimintí nó

eilimintí uile na gCearta Príomha/Ilardáin ar mhaith le TG4 iad a chaomhnú agus a choimeád ar fáil le haghaidh athfháil ionchasach ag TG4 sa todhchaí. Déanfaidh an Léiritheoir iarrachtaí réasúnacha agus iarrachtaí de mheon macánta chun caomhnú a dhéanamh ar na heilimintí sainaitheanta sin de na Cearta Príomha/Ilmheáin atá ann sa socrú dáileacháin lena mbaineann ach ní bheidh sé de cheangal ar an Léiritheoir na heilimintí sin de na Cearta Príomha/Ilardáin as a leanann míbhuntáiste tráchtála dó/dí féin a chaomhnú.

- (k) Gach tráth tar éis na Tréimhse Deich mBliana, beidh TG4 i dteideal na heilimintí sin de na Cearta Príomha/Ilardáin atá ar fáil an tráth sin lena n-athfháil ag TG4 a fháil ón Léiritheoir ach táille a íoc a bheidh le caibidliú agus le comhaontú ag TG4 agus ag an Léiritheoir trí Rátaí an Charta Rátaí atá i réim a tráth sin a úsáid mar threoirlíne maidir leis an luach atá le cur i leith na n-eilimintí sin de na Cearta Príomha/Ilardáin atá á n-athfháil, nó, i gcás ina ndéantar na Cearta Príomha/Ilardáin a athfháil ina n-iomláine, de réir Rátaí an Charta Rátaí atá i réim maidir le hathfháil na gCearta Príomha/Ilardáin ina n-iomláine.
- (l) Déanfaidh an Léiritheoir a dhícheall chun na Cearta Dáileacháin a fheidhmiú chun brabúis a uasmhéadú agus chun an sciar comhaontaithe de na Glanbhrabúis a bhailiú agus an sciar sin a tharchur chuig TG4.
- (m) Gheobhaidh TG4 cibé creidiúint a shonróidh sé sa Chlár agus sa Chlár (sna Cláir) Idirnáisiúnta agus, ina theannta sin, sna hábhair phoiblíochta a eiseofar i dtaca leis an gClár nó i dtaca leis an gClár Idirnáisiúnta agus, chomh maith leis sin, in aon ábhar marsantais a dhíorthaíonn ón gClár nó ón gClár Idirnáisiúnta.
- (n) Formáidí:
  - (i) I gcás ina mbeidh Formáid tionscanta agus forbartha ag an Léiritheoir agus ag TG4 i gcomhpháirt lena chéile, beidh an fhormaid faoi úinéireacht acu i sciartha comhionanna mar thionóntaí i gcoiteannas agus déanfaidh an Léiritheoir agus TG4 idirchaidreamh lena chéile gach tráth i leith fheidhmiú na gCearta Dáileacháin san Fhormáid sin de réir na n-oibleagáidí dáileacháin sa chlásal 3 seo nó ar cibé modh eile a chomhaontófar le TG4. Féadfar comhaontú a dhéanamh go ndéanfaidh TG4 na cearta sin a fheidhmiú thar a cheann féin agus thar ceann an Léiritheora. Beidh TG4 i dteideal 50% (caoga faoin gcéad) de na Glanbhrabúis i leith fheidhmiú na gCearta Dáileacháin san Fhormáid chomhpháirteach lena mbaineann an clásal 3(n)(i) seo a fháil go suthain.
  - (ii) I gcás ina mbeidh an Léiritheoir tar éis an Fhormáid a chruthú go heisiach, is leis an Léiritheoir an Fhormáid agus feidhmeoidh an Léiritheoir na Cearta Dáileacháin san Fhormáid sin de réir na n-oibleagáidí maidir le dáileacháin atá ann sa chlásal 3 seo. Beidh TG4 i dteideal 15% (cúig déag faoin gcéad) de na Glanbhrabúis a fháil go suthain i leith fheidhmiú na gCearta Dáileacháin in aon Fhormáid lena mbaineann an clásal 3(n)(ii) seo.
  - (iii) Is é a bheidh i méid agus i leithroinnt an choimisiúin dáileacháin agus na gcostas dáileacháin a bhaineann le díol aon Fhormáide lena mbaineann clásal 3(n)(i) ná an méid a chomhaontaíonn an Léiritheoir agus TG4 de mheon macánta.

(o) Láithreáin ghréasáin agus meáin shóisialta:

Faoi réir i gcónaí na srianta agus na bhforálacha atá leagtha amach sa chlásal 3 seo i leith fheidhmiú na gCearta Dáileacháin ag an Léiritheoir:

- (i) beidh an ceart eisiach ag an Léiritheoir láithreáin ghréasáin, leathanaigh mheán sóisialta agus feidhmchláir idirghníomhacha a bhfuil baint acu le dáileadh Cláir nó Cláir (Clár) Idirnáisiúnta a sholáthar in aon chríoch lasmuigh d’oileán na hÉireann, ar choinníoll go bhfuil na nithe réamhráite sin geobhlocáilte agus nach bhfuil rochtain orthu ag aon úsáideoir idirlín ar oileán na hÉireann i rith aon tréimhse ar lena linn a shealbháinn TG4 Cearta Príomha/Ilardáin sa Chlár. Ní fhéadfar aon phoiblíocht nó margaiócht a dhéanfaidh Léiritheoir i ndáil le Clár agus/nó Clár Idirnáisiúnta lasmuigh d’oileán na hÉireann a spriocdhíriú ar lucht féachana ar oileán na hÉireann; agus
- (ii) Is tar éis toiliú i scríbhinn roimh ré ó TG4 amháin a fhéadfaidh an Léiritheoir a láithreán gréasáin féin a chruthú agus a chothabháil ar oileán na hÉireann ar mhaithe le cur chun cinn agus poiblíocht i leith Cláir agus/nó Clár Idirnáisiúnta agus féadfaidh TG4 an toiliú sin a dheonú nó a choimeád siar dá rogha féin amháin.
- (p) Faoi réir an bhunphrionsabail atá leagtha amach sa Chód seo, agus faoina réir sin i gcónaí, is é sin le rá, an prionsabal ar dá réir, de ghnáth, a shealbhóidh agus a fheidhmeoidh an Léiritheoir Cearta Dáileacháin i gClár agus i gClár Idirnáisiúnta, féadfar socruithe malartacha dáileacháin i leith Cláir nó Clár Idirnáisiúnta a dhéanamh le comhaontú frithpháirteach an Léiritheora agus TG4 ar bhonn gach cáis ar leith.

#### 4. Cuimsíonn CEARTA PRÍOMHA/ILARDÁIN an méid seo a leanas:

- (a) Clár, nó codanna de Chlár, a chur ar fáil don phobal, agus a sheachadadh ar an bpobal, gan srian, ar gach ardán agus ar gach meán ar aon slí nó ar aon mhodh atá ar eolas anois nó a cheapfar ina dhiaidh seo, i gcás ina ndéantar ábhar TG4 nó cainéil nó ábhar TG4, atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo, nó codanna díobh, a chur ar fáil don phobal nó a sheachadadh ar fud an domhain, ar bhonn eisiach ar oileán na hÉireann agus ar bhonn neamheisiach ar fud an chuid eile den domhan, ar bhonn saor in aisce, íocaíochta nó síntiúis, lena n-áirítear, gan teorainn, trí láithreáin mheán sóisialta agus láithreáin comhchosúil, idir líneach agus neamhlíneach, ar aipeanna ar le TG4 iad nó ar aipeanna a bhfuil branda TG4 orthu, trí shruthú idirlín, trí fhísábhar ar éileamh, trí bhreith suas, trí íoslódáil (ar choinníoll nach bhfuil íoslódáil tráchtála chun úinéireacht a fháil ar chearta san áireamh sna Cearta Príomha/Ilardáin, mura gcomhaontaítear a mhalairt leis an Léiritheoir), trí neaslódáil, maille le fotheidil, comharthaíocht, clostúairisciú nó modhanna eile rochtana, nó gan iad, de réir na gceanglas rochtana is infheidhme maidir le craoltóirí ó am go ham. Ina theannta sin, áiríonn na Cearta Príomha/Ilardáin, gan srian, an ceart chun soláthar láithreán gréasáin Cláir, leathanach meán sóisialta agus feidhmchlár gaolmhar atá bainteach leis an gClár a sholáthar agus a údarú agus an ceart chun aon Chlár a chur chun cinn i ngach meán, lena n-áirítear ag féilte agus ag taispeántais. Ní fhéadfar na Cláir a sheachadadh ach amháin trí bhíthin seirbhísí ar le TG4 iad agus/nó ábhar a bhfuil branda TG4 orthu ar ardán/mheán tríú páirtí (mura gcomhaontaítear a mhalairt leis an Léiritheoir), lena n-áirítear gan srian seinnteoir RTÉ (gan an tseirbhís a n-íoctar aisti agus a dtugtar Seinnteoir Idirnáisiúnta RTÉ uirthi), seinnteoir Uile-Éireann agus seirbhísí eile PSB ar oileán na hÉireann agus sa Ríocht Aontaithe. Áiríonn na Cearta Príomha/Ilardáin, gan srian, an ceart chun cláir a sholáthar do chainéal Diaspóra nó do thionscnamh den tsamhail chéanna.

I measc na gCearta Príomha/Ilardáin áirítear ceart a bheith ag TG4 a údarú do thrú páirtithe gach ceann, nó aon cheann ar leith, de na cearta sin a fheidhmiú.

- (b) Chun amhras a sheachaint, agus gan dochar do na Cearta Díola Gearrthóg, ní áiríonn na Cearta Príomha/Ilardáin ceart a bheith ag TG4 aon díolachán ceadúnais a dhéanamh i leith Cláir.

- (c) Chun amhras a sheachaint, in aon chás ina bhfaigheann TG4 táille, nó aon luach saothair airgeadais, i leith aon cheart a dheonaítear do thríú páirtithe chun an Clár a thaispeáint mar chuid d'fheidhmiú Ceart Príomha/Ilardáin (e.g. díolacháin Aipeanna) as a leanann Ollbhrabúis a thuilleann TG4, ansin beidh an Léiritheoir (na Léiritheoirí) lena mbaineann i dteideal céatadán de na hOllbhrabúis (arna chionroinnt eatarthu de réir mar is cuí) a shonraítear sa chuid den Chód seo dar teideal Deiseanna Tráchtála agus tabharfaidh TG4 cuntas don Léiritheoir (do na Léiritheoirí) agus déanfaidh TG4 an cion sin de na Glanbhrabúis a íoc leis an Léiritheoir (leis na Léiritheoirí) uair amháin ar a laghad sa bhliain féilire mura gcomhaontaítear a mhalairt leis an Léiritheoir.

## 5. CEARTA FOGHABHÁLACHA

Déantar na Cearta Foghabhálacha a shonrú i gclásal 5 (a)-(h).

Déantar na Cearta Foghabhálacha a shonraítear i gclásal 5 (a), (b), (c) agus (g) a dheonú go suthain agus beidh siad infheidhmithe go heisiach ag TG4 laistigh d'óileán na hÉireann agus go neamheisiach ar fud an chuid eile den domhan le haghaidh aon tréimhse, agus gach tréimhse, ar lena linn a shealbhaíonn TG4 Cearta Príomha/Ilardáin sa Chlár agus, ina dhiaidh sin, beidh siad infheidhmithe go neamheisiach ar fud an domhain go suthain, gan aon íocaíocht eile a thabhairt don Léiritheoir nó d'aon duine eile. Déantar na Cearta Foghabhálacha a shonraítear i gclásal 5 (d), (e), (f) agus (h) a dheonú go suthain agus beidh siad infheidhmithe go neamheisiach ag TG4 ar fud an domhain, gan aon íocaíocht eile a thabhairt don Léiritheoir nó d'aon duine eile.

- a) An ceart chun sleachta as Clár a chur ar fáil don phobal (suas go 5 nóiméad sa chomhiomlán in aghaidh an Chláir leathuaire).
- b) An ceart chun Clár, agus/nó sleachta as, a chur ar fáil don phobal lena úsáid nó lena n-úsáid d'aon toisc ar mhaithe le gnóthaí oideachais nó taighde ach ní ar mhaithe le cúrsaí tráchtála.
- c) An ceart chun sleachta as Clár a áireamh i gcláir eile a léiríonn TG4 nó a léirítear thar ceann TG4. Déanfaidh TG4 táille a íoc leis an Léiritheoir i leith na húsáide sin ar íocaíocht í a bheidh de réir Rátaí an Chárta Rátaí, ach ní bheidh aon íocaíocht i gceist i leith úsáid a bhaint as sleachta i gcláir athbhreithnithe nó i gcláir ghradam.
- d) An ceart chun Clár agus/nó sleachta as a úsáid ar bhonn neamheisiach tráchtála chun a chumasú do TG4 a chuid oibleagáidí reachtúla (arna leasú ó am go ham) a chomhlíonadh i leith cartlanna agus leabharlanna a bhunú agus a chothabháil, lena n-áirítear oibleagáidí de bhun ailt 111, 118(1)(e) agus 118(1)(i) den Acht Craolacháin 2009 (arna leasú).
- e) An ceart chun gach ceart teagmhasach eile a fheidhmiú ar bhonn neamheisiach chun a chumasú do TG4 a chuid cuspóirí agus freagrachtaí reachtúla (arna leasú ó am go ham) a chomhlíonadh, nó an méid sin a éascú, lena n-áirítear, gan aon teorainn, na hoibleagáidí maidir le 'tairiscint éigeantach' a fhorchuirtear ar TG4 leis an Acht Craolacháin 2009 (arna leasú ó am go ham), ar choinníoll gurb amhlaidh, ar mhaithe le hamhras a sheachaint, go n-admhaítear nach bhfuil sé beartaithe go gclúdódh an fochlásal seo 5(e) oibleagáid chineálach reachtúil TG4 i leith seirbhís PSB a sholáthar.
- f) An ceart chun Clár a choimeád i gcartlann TG4 agus, ar bhonn neamheisiach, chun cóipeanna de Chlár agus/nó sleachta as a chur ar fáil don phobal chun críoch pearsanta neamhthráchtála amháin agus d'institiúidí oideachais, do chartlanna, d'institiúidí cultúir nó d'institiúidí de chineál carthanach nó sóisialta lena n-úsáid ag na comhlachtaí sin chun críoch neamhthráchtála (ní hionann táille réasúnach cóipeála agus/nó riaracháin a gearradh chun an

costas a ghabhann leis an gcóip a sholáthar do dhuine den phobal le haghaidh a úsáide pearsanta agus úsáid tráchtála).

- g) An ceart chun Clár agus/nó sleachta as a chur ar fáil don phobal ar láithreáin chartlainne ar le TG4 iad nó ar láithreáin chartlainne a bhfuil branda TG4 ag gabháil leo, ar choinníoll nach gceadaítear íoslódáil tráchtála chun úinéireacht a fháil ar chearta mura gcomhaontaítear a mhalairt leis an Léiritheoir. Comhaontaítear, gurb amhlaidh, tar éis dheireadh aon tréimhse ar lena linn a shealbhaíonn TG4 Cearta Príomha/Ilardáin i gClár, go ndéanfaidh TG4, má iarrtar amhlaidh, idirchaidreamh a chur ar bun leis an Léiritheoir chun ceadúnas tríú páirtí i leith Clár a éascú más rud é go gcuireann infhaighteacht an Chláir ón gcartlann isteach go hábhartha ar shaothrú tráchtála an Chláir nó an Chláir Idirnáisiúnta ag an Léiritheoir agus, más gá, bainfidh TG4 an Clár anuas ar feadh ré an cheadúnais tríú páirtí.
- h) An ceart chun gach gníomh atá srianta de bharr cóipcheart a dhéanamh ar bhonn neamheisiach d'aon toisc chun na cearta a dheonaítear do TG4 a fheidhmiú.

Áiríonn Cearta Foghabhálacha ceart a bheith ag TG4 a údarú do thríú páirtithe gach ceann, nó aon cheann ar leith, de na Cearta Foghabhálacha a fheidhmiú.

## **6. Cuimsíonn CEARTA DÍOLA GEARRTHÓG:**

- (a) An ceart chun sleachta as an gClár a chur ar fáil lena ndíol ar bhonn neamheisiach ar fud an domhain go suthain de bhun scéim reachtúil úsáide tráchtála ábhar cartlainne TG4, mar atá sonraithe faoi Chearta Foghabhálacha i gclásal 5 agus sa Roinn dar teideal Cartlann anseo thíos, ach sin faoi réir an choinníll go ndéanfaidh TG4 50% d'aon táille thráchtála a íoctar le TG4 a íoc leis an Léiritheoir.
- (b) Beidh TG4 i dteideal táille a asbhaint ó aon táille thráchtála den sórt sin chun a chostais cóipeála/riaracháin, ar costais iad a thabhaítear go réasúnach a chlúdach sula gcomhroinntear an t-iarmhéid, a mhéid a bhaineann leis an 50%, leis an Léiritheoir.
- (c) Beidh TG4 i dteideal muirear a thobhach ar iarrthóir ábhair cartlainne ina mbeidh méid atá ag teastáil chun a chostais cóipeála/riaracháin a thabhaítear go réasúnach a chlúdach agus ní mheasfar gurb ionann an muirear sin agus táille thráchtála chun críocha an chlársail 6 seo.

Áiríonn Cearta Díola Gearrthóg ceart a bheith ag TG4 a údarú do thríú páirtithe na Cearta Díola Gearrthóg a fheidhmiú thar a cheann.

## **7. An chéad rogha i leith coimisiún eile:**

- Tá an chéad rogha ag TG4 freisin maidir le clár/sraith/díorthach eile atá bunaithe ar Chlár a choimisiúnú ar théarmaí a bheidh le comhaontú de mheon macánta idir an Léiritheoir agus TG4. Más mian le TG4 coimisiúnú a dhéanamh mar a dúradh, déanfaidh sé gealltanais i bprionsabal ina leith sin laistigh de 12 mhí ó Dháta an chéad Chraolacháin. I gcás nach ndéanfaidh TG4 clár leantach (clár leantacha) a choimisiúnú i ndáil leis an gclár/tsraith, gheobhaidh TG4 creidiúint deiridh ar an modh a chomhaontófar le TG4, is é sin, "arna fhorbairt i gcomhar le TG4", in aon chlár/sraith a choimisiúnóidh tríú páirtí.
- Déanfaidh TG4, roimh dheireadh na tréimhse 12 mhí sin, fógra a thabhairt don Léiritheoir i dtaobh an bhfuil cinneadh cinntitheach déanta ag TG4 gan an Clár a athchoimisiúnú.

## 8. Ginearálta

- (a) Déanfaidh an Léiritheoir an Clár a imríteach go hiomlán le go mbeifear in ann an Clár a shaothrú gan srian ar fud an domhain gan aon íocaíocht eile a thabhairt don Léiritheoir, mura rud é go gcomhaontófar a mhalairt le TG4.
- (b) Imréitigh bhreise chartlainne
- (i) Gan dochar do chlásal 8(a) thuas agus, más rud é, ar bhonn eisceachtúil, gur aontaigh TG4 le ré imréitigh shrianta i leith aon ábhair cartlainne atá ann i gClár le haghaidh na Tréimhse Tosaigh Ceadúnais, beidh TG4 i dteideal a cheangal ar an Léiritheoir, aon tráth, ré an imréitigh i leith an ábhair cartlainne sin a fhadú chun a chumasú do TG4 Cearta Príomha/Ilardáin sa Chlár a athfháil le haghaidh an Dara Tréimhse Cheadúnais agus/nó le haghaidh aon tréimhse cheadúnais ina dhiaidh sin.
  - (ii) Déanfaidh TG4 cistí a chur ar fáil don Léiritheoir chun íoc as na táillí leathnaithe ceadúnais ábhair cartlainne a mhuirearaíonn sealbhóir na gcearta iomchuí ábhair cartlainne i leith an imréitigh breise i leith an ábhair cartlainne sin
  - (iii) Más rud é, ar chúiseanna maithe inléirithe, agus d'ainneoin iarrachtaí réasúnacha an Léiritheora de mheon macánta, nach bhfuil an Léiritheoir in ann socrú a dhéanamh maidir leis an imríteach breise cartlainne sin, cuirfidh an Léiritheoir an méid sin in iúl do TG4 agus déanfaidh an Léiritheoir agus TG4 idirchaidreamh lena chéile de mheon macánta i dtaobh cad é an bealach is fearr chun a chur faoi deara go mbeidh an Clár oiriúnach lena úsáid ag TG4 chun a chumasú do TG4 Cearta Príomha/Ilardáin a athfháil.
  - (iv) Ní bheidh an Léiritheoir i dteideal táille a mhuirearú i leith an ama riaracháin a chaith sé/sí le linn a bheith ag gabháil don imríteach breise cartlainne sin a fháil. Maidir leis na costais a ghabhann le haon atheagarthóireacht ar gá í a dhéanamh ar mhaithe le comhlíonadh cúrsaí imréitigh de bhun an chlásail seo 8(b), lena n-áirítear an t-am a chaitheann an Léiritheoir ar an atheagarthóireacht, má mheastar gurb infheidhme sin, déanfar iad a chaibidlíú de mheon macánta idir TG4 agus an Léiritheoir iomchuí ar bhonn gach cáis ar leith.
  - (v) Cé is moite den táille cheadúnais atá iníoctha de réir Rátaí Cárta Rátaí agus faoi réir an chlásail seo 8(b), ní bheidh aon íocaíochtaí d'aon chineál iníoctha ag TG4 leis an Léiritheoir ná le haon tríú páirtí i leith fheidhmiú na gCeartha Príomha/Ilardáin i rith an Dara Tréimhse Cheadúnais agus/nó aon tréimhse cheadúnais eile dá éis sin ar lena linn a shealbhóidh TG4 Cearta Príomha/Ilardáin.
- (c) Beidh úinéireacht ag TG4 ar an ábhar seachadta i ndáil leis an gClár. Beidh úinéireacht ag an Léiritheoir ar na fuíollghearrthóga/míreanna gearrtha.
- (d) D'fhéadfadh sé gur mian le TG4 Cearta Coimeádta áirithe nó na Cearta Coimeádta go léir a fháil ar théarmaí a chomhaontóidh an Léiritheoir go frithpháirteach le TG4 ar bhonn gach cáis ar leith.

- (e) Maidir leis na socruithe i leith cearta atá sonraithe sa Chód seo, ní choisceann siad ar TG4 ná ar an Léiritheoir comhaontú frithpháirteach a dhéanamh le deonú cearta de chineál níos cuimsithí do TG4, i gcás ina gcinneann an dá pháirtí amhlaidh a dhéanamh.
- (f) Ciallóidh gach tagairt sa Chód seo do “toiliú TG4” toiliú i scríbhinn ó TG4 agus, faoi réir chlásail 3(e) agus 3(h)(i), féadfaidh TG4 an toiliú sin a dheonú nó a choimeád siar dá rogha féin.
- (g) Déanfar Rátaí Cárta Rátaí a athbhreithniú agus a chomhaontú go tréimhsiúil idir SPI agus TG4 lena chinntiú go bhfuil Rátaí Carta Rátaí cóir agus cothrom faoi threoir noirm thráchtála sa tionscal teilifíse. (féach fonóta q) thíos)

## Deiseanna Tráchtála

Tá oibleagáid ar TG4 faoi reacht (Alt 118(1)(i) den Acht Craolacháin 2009) cibé deiseanna tráchtála a thiofadh chun cinn de bhun a chuspóirí reachtúla eile a shaothrú. Ina theannta sin, tá oibleagáid air ioncam a uasmhéadú le linn an cuspóir reachtúil sin a chomhlíonadh.

Déanfar Glanbhrabúis a roinnt mar a leanas:

- Ar an gcéad dul síos, beidh an Léiritheoir i dteideal cúiteamh a fháil, sa chéad áit, maidir le hiarchur.
- Ar an dara dul síos, tá TG4 i dteideal 50% de na Glanbhrabúis i leith an Chláir agus an Chláir Idirnáisiúnta a fháil go suthain.
- Faoi réir an phointe urchair deiridh faoin gceannteideal seo, “Deiseanna Tráchtála”, tá an Léiritheoir i dteideal 50% de na Glanbhrabúis i leith an Chláir agus an Chláir Idirnáisiúnta (na gClár Idirnáisiúnta) a fháil go suthain.
- Mar mhalairt air sin, a mhéid a bhaineann le léiriúcháin a rialaítear leis an gCód Cóirtrádála seo, ar léiriúcháin iad atá cómhaoinithe ag ÚCÉ, agus mura gcomhaontaítear a mhalairt le BAI, agus faoi réir an phointe urchair deiridh faoin gceannteideal seo, “Deiseanna Tráchtála”, déanfar na Glanbhrabúis a roinnt mar a leanas: ar an gcéad dul síos, beidh an Léiritheoir i dteideal cúiteamh a fháil, sa chéad áit, maidir le hiarchur, ar an dara dul síos, faigheann ÚCÉ cúiteamh maidir lena chéatadán de Ghlanbhrabúis ar bhonn a fhoirmle (i.e. maoiniúchán ÚCÉ arna roinnt ar an maoiniúchán iomlán x 50), agus iarmhéid na nGlanbhrabús á roinnt go cothrom idir TG4 agus an Léiritheoir go dtí go gcúitítear infheistíocht ÚCÉ. Sa tríú háit, déanfar na Glanbhrabúis a roinnt go cothrom idir TG4 agus an Léiritheoir go dtí go mbeidh a infheistíocht cúitithe ag TG4; agus sa cheathrú háit, beidh TG4 i dteideal céatadán de na Glanbhrabúis a fháil, ar céatadán é a bheidh comhréireach le hinfeistíocht TG4 sa mhaoiniúchán foriomlán agus tá an Léiritheoir i dteideal an méid de na Glanbhrabúis atá fágtha ina dhiaidh sin a fháil go suthain.
- Maidir le léiriúcháin a rialaítear leis an gCód Cóirtrádála seo, ar léiriúcháin iad atá cómhaoinithe ag maoinitheoirí eile, déanfar Glanbhrabúis a roinnt ar an modh a bheidh comhaontaithe leis na cómhaoinitheoirí iomchuí.
- Is le Clásal 3 (n) a rialófar brabúis a thuilltear i leith Formáid a léiríonn an Léiritheoir agus TG4 i gcomhpháirt lena chéile agus brabúis ó Fhormáid atá léirithe ag an Léiritheoir amháin.



I gcás ina mbeidh Formáid cruthaithe ag TG4, beidh an Clár sin lasmuigh de réim an Chóid Cóirthrádála seo.

- Beidh an ceart ag TG4 urraíocht a lorg i leith an Chláir agus féadfaidh TG4 a cheadú d'urraitheoirí closchreidiúint agus/nó amharc-chreidiúintí a fháil laistigh de Chlár nó i ndáil le Clár de réir mar a cheadaítear leis na cóid is infheidhme maidir le cumarsáid tráchtála. Ní bheidh airgead urraíochta ina chuid de na Glanbhrabúis agus coimeádfaidh TG4 go heisiach é. Ní fhéadfaidh an Léiritheoir dul i mbun plé, nó comhaontú a dhéanamh, le hurraitheoirí ionchasacha gan toiliú TG4 a fháil. Má thoilíonn TG4 le plé a bheith á dhéanamh ag an Léiritheoir le hurraitheoirí ionchasacha agus má thoilíonn sé leis an gcomhaontú beartaithe urraíochta, beidh an Léiritheoir i dteideal táille aimsitheora a fháil má fhaigheann sé airgead urraíochta, ach ní bheidh an táille aimsitheora sin iníochta i gcás ina bhfuil gá leis an airgead urraíochta atá faighte ag an Léiritheoir chun easnamh sa bhuiséad a shlánú. Ní fhéadfaidh an Léiritheoir dul i mbun plé le tríú páirtithe i leith suíomh táirgí agus cumarsáid tráchtála. Féadfaidh TG4 suíomh táirgí nó cineálacha eile cumarsáide tráchtála a úsáid laistigh de Chlár nó i ndáil le Clár de réir mar a cheadaítear le cóid is infheidhme maidir le cumarsáid tráchtála. Ní bheidh airgead a éiríonn as suíomh táirgí nó as cumarsáid tráchtála eile den sórt sin ina chuid de na Glanbhrabúis agus coimeádfaidh TG4 go heisiach é. Féadfaidh TG4 comórtais a reáchtáil maidir leis an gClár agus i ndáil leis an gClár agus beidh airgead a éiríonn as na comórtais sin, tar éis costais a asbhaint, ina chuid de na Glanbhrabúis.

## Cartlann

Tá oibleagáid ar TG4 faoin Acht Craolacháin 2009 (arna leasú ó am go ham) cartlann agus leabharlanna a bhunú agus a chothabháil ar an modh a leagtar amach san Acht. Tá cearta ag TG4 lena chumasú dó na cuspoirí a shonraítear sna Cearta Foghabhálacha i gclásal 5 thuas a chomhlíonadh.

Ar mhaithe le héascaíocht rochtana ar chlár, deonaítear Cearta Díola Gearrthóg do TG4 i leith sleachta as an gClár de réir mar a shonraítear sa roinn dar teideal Cearta Díola Gearrthóg i gclásal 6 thuas.

Déanfaidh TG4 teidlíocht a chur san áireamh sa chomhaontú ceadúnais gearrthóg, ar teidlíocht í maidir le creidiúint deiridh a bheith ag an Léiritheoir ar chlár den sórt sin atá léirithe ag tríú páirtí. Tabharfaidh TG4 aitheantas d'aon srianta imréitigh nó d'aon íogaireachtaí ábhair i leith na gceadúnas gearrthóg sin, ar srianta nó íogaireachtaí iad a bheidh curtha in iúl do roinn dlí TG4 agus do leabharlannaí TG4 i scríbhinn tráth seachadta an Chláir ar TG4 nó, in imthosca eisceachtúla, sula ndéantar an tríú páirtí a cheadúnú i ndáil leis an ngearrthóg.

## Comhlíontacht

Tá TG4 tiomanta i leith ionracas smaointe léiritheoirí neamhspleácha a chosaint go cuí. Ach tá rialú eagarthóireachta deiridh ag TG4 maidir le gach Clár agus maidir le hábhar gaolmhar idirghníomhach a choimisiúnaítear do TG4.

Ní mór do Léiritheoirí gach dlí iomchuí a chomhlíonadh, lena n-áirítear reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta, reachtaíocht chánachais, reachtaíocht maidir le fostóirí agus reachtaíocht maidir le cosaint sonraí agus ní mór go mbeidh Clár i gcomhréir le gach cód, rialachán, treoirlíne agus ceanglais atá eisiithe ag comhlachtaí rialála amhail ÚCÉ agus comhlachtaí eile, ar nithe iad a bhfuil feidhm acu maidir le TG4 agus de réir mar atá uasdátú déanta orthu ó am go ham.

## An Cód Cleachtais Cóirthrídála a Chomhlíonadh

Tá an Cód Cleachtais Cóirthrídála seo ceadaithe ag an Aire agus tá TG4 tiomanta i leith é a chomhlíonadh go hiomlán.

Tá TG4 ar an eolas faoin bhforáil reachtúil lena gcumhachtaítear don Aire a iarraidh ar ÚCÉ tuairisciú a dhéanamh faoi chomhlíonadh an Chóid Cleachtais Cóirthrídála ag TG4 agus faoi dhualgas reachtúil TG4 chun comhoibriú le ÚCÉ maidir leis an ábhar sin.

## Leasuithe ar an gCód Cleachtais Cóirthrídála

Féadfaidh TG4, ó am go ham, le ceadú ón Aire, tar éis dó/di dul i gcomhairle le ÚCÉ, an Cód Cleachtais Cóirthrídála seo a athbheithniú agus leasuithe air a fhoilsiú.

## Réiteach Díospóidí

I gcás ina dtarlaíonn díospóid i leith fhorálacha an Chóid Cleachtais Cóirthrídála seo (seachas díospóid i leith conradh ar leith), féachfaidh Rannóg na gClár leis an díospóid a réiteach de mheon macánta rud a dhéanfar i gcomhairle leis an Léiritheoir.

In éagmais réitigh, tarchuirfeair an t-ábhar chuig an Ard-Stiúrthóir d'fhonn an díospóid a réiteach ar bhealach sásúil. I gcás nach féidir leis an Ard-Stiúrthóir an díospóid a réiteach go héifeachtach, tarchuirfeair chuig eadránaí neamhspleách tríú páirtí í lena réiteach (agus ceapfaidh Uachtarán, de thuras na huaire, Dhlí-Chumann na hÉireann an t-eadránaí sin).

Féachfaidh TG4 agus an Léiritheoir le costais a íoslághdú le linn an phróisis sin agus beidh freagracht ar na páirtithe go léir i ndáil lena gcostais féin i ndáil le haon díospóid.

## Eisiaimh i leith an Chóid Cleachtais Cóirthrídála

Tá na cláir seo a leanas lasmuigh de réim Cód Cleachtais Cóirthrídála TG4:

- Cláir ar maidir leo a fhaigheann TG4 cearta forluiteacha agus/nó toilithe ó thríú páirtithe chun a chumasú scannánú a dhéanamh le haghaidh clár e.g. seónna beo, lena n-áirítear clúdach spóirt beo agus cláir ina dtugtar spleachadh siar/réamhspleachadh ar imeachtaí spóirt. Chun amhras a sheachaint, ní bheidh feidhm ag an eisiaimh seo maidir le cláir faisnéise spóirt ina n-áirítear píosaí scannánaíochta atá díolmhaithe ón bhforáil seo, beag beann ar na cearta/toilithe riachtanacha a bheith faighte ag TG4 go díreach ó thríú páirtithe.
- Cláir ar ina leith nach bhfuil úinéireacht ná rialú ag an gcuideachta léiriúcháin ar na cearta sa smaoineamh, san fhormáid ná sa bhranda don chlár, lena n-áirítear cláir ar ina leith atá na cearta riachtanacha faighte nó ceadúnaithe ag TG4 go díreach; i gcás inar choimisiúnaigh TG4 taifeadadh imeachta bheo, beidh úinéireacht ag TG4 ar an gcóipcheart san imeacht beo agus sna físiónsáiteáin araon. Má úsáidtear gearrthóga ó na físiónsáiteáin in aon chlár eile (lena n-áirítear cláir de chuid TG4), ansin beidh feidhm ag clásal 6 maidir cearta díola gearrthóg. Chun amhras a

sheachaint, ní bheidh feidhm ag an eisiámh seo maidir le cláir ina dhiaidh sin ina n-áirítear píosaí scannánaíochta cartlainne as cláir atá díolmhaithe faoin bhforáil seo.

- I gcás ina gcoimisiúnaítear an chuideachta léiriúcháin chun clár a léiriú atá bunaithe ar fhormaid/chlár/smaoineamh/chóiriú/bhranda atá cruthaithe ag TG4. Cinnteoidh TG4 gurb amhlaidh, maidir le haon bhabhta coimisiúnúcháin i leith clár den sórt sin, go luafar go soiléir ann nach mbeidh an clár faoi réim an Chóid;
- Más rud é nach bhfuil oibleagáid dhlíthiúil tabhaithe ag TG4 chun 25% ar a laghad de chostais déanta cláir a íoc sula gcuirtear tús le déanamh an chláir de réir mar atá leagtha amach i dTreoirínte ÚCÉ.
- Cláir a n-aontaíonn an chuideachta léiriúcháin ina leith, dá rogha féin, cearta de chineál níos leithne a dheonú do TG4;
- Déanfar conarthaí ilbhliantúla ar mhaithe le clár nó sraith clár a sheachadadh, ar conarthaí iad atá bainteach le formáid nó le branda ar le TG4 í nó é, a eisiámh ón gCód seo. I gcás ina dtarlaíonn coimhlint idir an fhoráil seo agus aon fhoráil eile de chuid an Chóid a bhaineann le conarthaí ilbhliantúla, beidh tosaíocht ag an bhforáil seo.
- Cláir a léirítear de bhun scéim shonrach a chómhaoineítear i gcomhar le tríú páirtithe, lena n-áirítear, gan srian, mar shampla , Splanc, ildána, Cine4, Oscailt, Uair, Tionscnamh na Formáide Ceiltí;
- Cláir a gcómhoiníonn craoltóirí tríú páirtí atá lonnaithe lasmuigh d’oileán na hÉireann iad;
- Cláir a sholáthraíonn RTÉ do TG4 ar mhodh an “uair an chloig sa lá” faoi alt 120 den Acht Craolacháin; agus
- Cláir a dhéantar i stiúideo atá lonnaithe in TG4 agus úsáid á baint as saoráidí agus as pearsanra TG4, d’ainneoin go ndéantar na cláir sin a choimisiúnú ó chuideachta léiriúcháin.

## Cumarsáid le TG4

Cuirtear fáilte roimh gach aiseolas agus roimh gach cumarsáid. Is é an té seo a leanas a dhéileálfaidh leis na nithe sin:

### **Stiúrthóir na gClár**

Rannóg na gClár

TG4

Baile Na hAbhann

Co. na Gaillimhe

**alan.esslemont@tg4.ie**

Teileafón: 091 505050

Facs: 091 505021

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn freisin trínár láithreán gréasáin [www.tg4.ie/foir/](http://www.tg4.ie/foir/) / [www.tg4.ie/feedback](http://www.tg4.ie/feedback)

#### Fonótaí:

- a) Déanfar an Clár a léiriú i nGaeilge de réir an chaighdeáin is airde agus is féidir agus beidh cáilíocht theicniúil den chéad scoth ag baint leis de réir chaighdeáin theicniúla TG4. Léireofar é de réir na n-eilimintí riachtanacha comhaontaithe, lena n-áirítear, gan srian, buiséad comhaontaithe, sceideal léiriúcháin comhaontaithe agus pearsanra comhaontaithe agus ní mór aon athruithe ar na heilimintí riachtanacha comhaontaithe a bheith ceadaithe ag TG4. Déanfaidh an Léiritheoir conraitheoirí agus fostaithe a labhraíonn Gaeilge a fhostú. Cinnteoidh an Léiritheoir gur leor an buiséad comhaontaithe chun léiriú agus seachadadh an Chláir a chur i gcrích de réir chonradh coimisiúnaithe an chláir. Déanfar an buiséad a íoc ina thráthchodanna isteach i gcuntas iontaobhais a bheidh le húsáid ag an Léiritheoir d'aon toisc i ndáil leis an gClár, ach sonrasc agus deimhniú imréitigh cánach a bheith faighte, mar aon le cibé tuarascálacha a iarrfaidh TG4 maidir le costais. Beidh an cuntas iontaobhais faoi réir na ngnáthrialacha is infheidhme maidir le cuntais iontaobhais a osclaítear le haghaidh léiriúcháin a maoiníonn TG4 iad. Maidir leis an tráthchuid deiridh (a bhféadfadh 60% den táille léiriúcháin a bheith san áireamh ann, ar bhonn gach cáis ar leith), beidh sí iníoctha nuair a dhéantar an Clár, an t-ábhar seachadta agus an páipéarachas imréitigh a sheachadadh agus nuair a chuirtear an t-iniúchadh i gcrích i ngach cás chun sástacht TG4. Más rud é nach leor an buiséad comhaontaithe, is ar an Léiritheoir a bheidh an fhreagracht i ndáil leis an róchaiteachas. Féadfaidh an Léiritheoir, le toiliú TG4, aon róchaiteachas a íoc ó ghannchaiteachas i réimsí eile den bhuiséad agus, má tá róchaiteachas ann fós, íocfaidh an chuideachta léiriúcháin é ón táille léiriúcháin agus ó acmhainní eile de chuid an Léiritheora. Ach déanfaidh TG4 breithniú, de mheon macánta, ar aon iarraidh ón Léiritheoir ar TG4 maidir le cuid den róchaiteachas a mhaoiniú, ar choinníoll go gcomhaontaítear an róchaiteachas le TG4 roimh ré. Tarlaíonn gannchaiteachas i gcás ina ndéanann an Léiritheoir sábháil arb é amháin is cúis léi ná barainneacht agus dea-bhainistíocht ar thaobh an Léiritheora. Déanfar gannchaiteachas den sórt sin a roinnt go cothrom idir TG4 agus an Léiritheoir.
- b) Déanfaidh TG4 aon teagmhas dá bhforáiltear sa bhuiséad a choimeád ina iomláine más rud é nach bhfuil gá leis.
- c) Maidir le conarthaí léiriúcháin a dhéanann an Léiritheoir i leith an ábhair go léir atá ann sa Chlár, beidh foráil iontu maidir le ceannach thar barr amach na gcearta go léir (lena n-áirítear tarscaoileadh ceart morálta) le haghaidh tréimhse iomlán an chóipchirt, lena n-áirítear gach athnuachan, frithdhílse agus fadú agus, más féidir, go suthain, ach amháin mar a aontaíonn TG4 a mhalairt agus tabharfaidh an Léiritheoir cóipeanna de na conarthaí léiriúcháin do TG4. Déanfaidh an Léiritheoir an Clár a imréiteach go hiomlán chun a chumasú na cearta a dheonaítear do TG4 a fheidhmiú agus chun a chumasú don Léiritheoir na Cearta Coimeáda a fheidhmiú i ngach cás gan íocaíocht bhreise a thabhairt don Léiritheoir nó d'aon tríú páirtí ach amháin íocaíocht a thabhairt don chumann áitiúil ceart taibhiúcháin i leith chraoladh an cheoil atá ann sa Chlár. Cinnteoidh an Léiritheoir gur Clár bunúil é an Clár agus nach bhfuil sé clúmhilleach nó nach ionann é agus díspeagadh cúirte agus nach sáraíonn sé cearta aon tríú páirtí.
- d) Déanfaidh an Léiritheoir árachas dóthanach léiriúcháin a chur i bhfeidhm agus a choimeád ar marthain agus luafar leas TG4 sa pholasaí agus soláthrófar an polasaí sin do TG4.
- e) Beidh TG4 i dteideal faireachán a dhéanamh ar an léiriú i dtaca le cúrsaí eagarthóireachta agus airgeadais de. Beidh rialú eagarthóireachta deiridh ag TG4 maidir leis an gClár agus féadfaidh sé eagarthóireacht nó athruithe a dhéanamh, nó a cheangal go ndéanfar athruithe,

ar an gClár de réir mar a chinnfidh sé. Déanfaidh an Léiritheoir cibé eagarthóireacht a iarrfaidh TG4 agus déanfar an eagarthóireacht sin ar chostas an Léiritheora. Má cheanglaíonn TG4 ar an Léiritheoir athruithe a dhéanamh tar éis do TG4 an leagan as líne den Chlár a cheadú, déanfaidh TG4 costais eagarthóireachta na n-athruithe sin a íoc ar choinníoll, thairis sin, go gcomhlíonann an Clár mar atá sé déanta an comhaontú coimisiúnaithe cláir. Níl oibleagáid ar TG4 na cearta a dheonaítear a fheidhmiú.

- f) Beidh TG4 i dteideal cibé creidiúint a shonróidh TG4 a fháil. Beidh TG4 i dteideal na creidiúintí a réamhcheadú sula gcuirtear san áireamh iad sa Chlár, sa Chlár (sna Cláir) Idirnáisiúnta, in ábhair ghaolmhara agus i dtáirgí gaolmhara agus sula gcuirtear san áireamh iad in ábhar poiblíochta i dtaca leis an gClár agus i dtaca leis an gClár (na Cláir) Idirnáisiúnta.
- g) Déanfaidh TG4 an céatadán infheidhme de na Glanbhrabúis a íoc laistigh de 45 lá tar éis an 30 Meitheamh agus an 31 Nollaig agus beidh ráiteas cuntas ag gabháil leis an íocaíocht sin. De bhreis air sin, má iarrtar amhlaidh, déanfaidh an Léiritheoir ráiteas bliantúil a bheidh deimhnithe ag cuntasóir an Léiritheora a sholáthar do TG4 ar a chostas féin. Coimeádfaidh an Léiritheoir taifid agus leabhair chuntais agus beidh TG4 i dteideal rochtain a fháil ar na taifid agus ar na leabhair chuntais sin agus cóip a dhéanamh díobh.
- h) Déanfaidh an Léiritheoir beartais fostaíochta atá i gcomhréir le reachtaíocht agus ceanglais fostaíochta a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm agus comhlíonfaidh an Léiritheoir gach ceanglas reachtúil eile agus gach ceanglas eile a bhaineann le fostóir agus déanfaidh an Léiritheoir íocaíocht a thabhairt, ar mhodh tráthúil, do gach tríú páirtí a mbeidh seirbhísí, earraí nó saoráidí curtha ar fáil acu nó a mbeidh cearta deonaithe acu i dtaca leis an gClár agus i dtaca leis an gClár (na Cláir) Idirnáisiúnta. Ní tharraingeoidh an Léiritheoir ná an pearsanra léiriúcháin droch-chlú ar TG4. Comhlíonfaidh an Léiritheoir agus an pearsanra léiriúcháin beartais agus treoirlínte atá eiseithe ag TG4 ó am go ham agus comhlíonfaidh siad an reachtaíocht agus na rialacháin infheidhme go léir, lena n-áirítear, gan teorainn, ceanglais maidir le sláinte agus sábháilteacht.
- i) Más rud é go mbeidh fearais, seiteanna nó ítimí eile (ar a dtugtar “Fearais” le chéile) faighte, tógtha nó déanta ag an Léiritheoir, nó thar ceann an Léiritheora ar mhaithe leis an gClár a léiriú, agus úsáid a bheith bainte as maoiniúchán a chuir TG4 ar fáil, beidh TG4 i dteideal a cheangal go ndéanfar úinéireacht agus sealbhú na bhFearas sin a aistriú go pras chuig TG4 arna iarraidh sin i gcás ina bhféadfadh sé go dteastódh na Fearas sin ó TG4 chun cláir eile a léiriú, nó chun léiriú clár eile a choimisiúnú, sa todhchaí, is cuma cé acu ón Léiritheoir nó ó chuideachta léiriúcháin eile atá i gceist.
- j) Beidh freagracht ar an Léiritheoir i ndáil le gach ceadúnas a fháil agus a choimeád i bhfeidhm agus i ndáil le híocaíochtaí a dhéanamh le gníomhaireachtaí bailithe, lena n-áirítear, gan teorainn, íocaíochtaí i leith aon liricí ceoil nó fuaimthaifeadtaí atá ann sna Cláir agus sa Chlár (sna Cláir) Idirnáisiúnta, ar íocaíochtaí iad i leith fheidhmiú na gCearta Dáileacháin ag an Léiritheoir nó thar ceann an Léiritheora.
- k) Coimeádfaidh an Léiritheoir TG4 ar an eolas faoi aon deacrachtaí ionchasacha dlíthiúla i leith an Chláir agus slánóidh an Léiritheoir TG4 go hiomlán i leith aon éileamh a thiofadh chun cinn. Beidh TG4 i dteideal rialú ar aon dlíthíocht i leith éilimh nó ar aon ghearán a bhaineann le craoladh, nó le craoladh beartaithe, Cláir ag TG4 a ghlacadh chuige féin agus tabharfaidh an Léiritheoir gach cúnadh is gá do TG4.
- l) I gcás ina ndéantar léiriúchán a fhoirceannadh nó a tháthcheangal, déanfar an t-airgead ar fad a shealbhaítear sa chuntas iontaobhais a aisíoc le TG4 agus déanfar na hearraí agus na saoráidí ar fad a bhaineann le léiriú an Chláir a chur ar fáil do TG4. De bhreis air sin, i gcás ina

ndéantar léiriúchán a fhoirceannadh nó a tháthcheangal, déanfaidh an Léiritheoir an cóipcheart go léir agus gach ceart eile sa Chlár (mar aon le tairbhe sciar an Léiritheora den Fhormáid i gcás comhúinéireacht a bheith i gceist maidir leis an bhFormáid) a shannadh do TG4 ar feadh thréimhse iomlán an chóipchirt, lena n-áirítear gach athnuachan, frithdhílse agus fadú agus, más féidir, go suthain, agus déanfaidh an Léiritheoir úinéireacht ar gach cuid den Chlár agus ar gach ábhar eile, lena n-áirítear fuíollghearrthóga/mearphriontaí atá táirgthe agus déanfar na codanna sin den Chlár agus den ábhar, mar aon leis na doiciméid agus na taifid go léir a bhaineann leis an gClár, a sheachadadh ar TG4. Tá an ceart ag TG4, ach níl aon oibleagáid air, an léiriúchán a chríochnú, nó a chur faoi deara go gcríochnófar an léiriúchán, i gcás ina dtarlaíonn foirceannadh nó táthcheangal an léiriúcháin.

- m) Maidir le gach faisnéis i dtaca leis an gClár agus i dtaca le gnó a chéile, pléifidh an Léiritheoir agus TG4 léi mar ábhar rúnda, á chur san áireamh go dtagann TG4 faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014 agus go ndlitear taifid agus doiciméid a nochtadh de bhun cheanglais an Achta sin.
- n) Áireoidh an conradh coimisiúnaithe cláir cibé ceanglais urrúsúcháin réamhchonartha agus cibé ceanglais eile a éileoidh TG4, lena n-áirítear Cláir a bhfuil maoiniúchán tríú páirtí i gceist leo, agus ní dhéanfaidh an Léiritheoir aon urrúsú i leith an Chláir, an chuntais léiriúcháin nó na bhFearas a thabhairt gan toiliú TG4 a fháil.
- o) Féadfaidh TG4 faireachán agus iniúchadh a dhéanamh ar chomhlíonadh an chomhaontaithe coimisiúnaithe cláir ag an Léiritheoir.
- p) Maidir le conarthaí ilbhliantúla coimisiúnaithe cláir, i gcás ina dtagann aon laghdú ábhartha ar an maoiniúchán a chuirtear ar fáil do TG4 i rith théarma aon chonradh den sórt sin, forchoimeádan TG4 an ceart chun leas a bhaint as an nós imeachta seo a leanas:
  - (i) Déanfaidh TG4 fógra i scríbhinn a thabhairt don Léiritheoir maidir leis an laghdú ábhartha ar a maoiniúchán agus déanfaidh an Léiritheoir aon ghníomh(artha) feabhais a éilíonn TG4 i scríbhinn a chur i gcrích agus/nó aontóidh an Léiritheoir le haon leasuithe ar an gconradh ilbhliantúil coimisiúnaithe cláir lena mbaineann chun a chumasú an comhaontú a choimeád i bhfeidhm de réir téarmaí leasaithe.
  - (ii) I gcás nach mbeidh an gníomh feabhais sin curtha i gcrích ag an Léiritheoir, agus/nó nach mbeidh aontú leis na leasuithe sin tugtha ag an Léiritheoir, laistigh de 8 (ocht) seachtaine ón dáta a bhfaightear an fógra, beidh TG4 i dteideal fógra 8 (seachtaine) i scríbhinn faoi fhoirceannadh an chonartha lena mbaineann a sheirbheáil ar an Léiritheoir agus ní bheidh aon dliteanas eile aige faoin gconradh sin, lena n-áirítear dliteanas i leith íocaíochta, ón dáta foirceanta sin ar aghaidh.
- q) Tá sé comhaontaithe ag SPI agus ag TG4 go mbeidh feidhm ag Rátaí Cárta Rátaí de réir an chárta rátaí atá infheidhme ar dháta an Chóid seo (féach an chóip atá i gceangal leis seo) go dtí cibé uair a chuirtear cártaí rátaí atá athbhreithnithe agus comhaontaithe ag SPI agus ag TG4 ina n-ionad agus cuirfidh SPI agus TG4 an t-athbhreithniú sin i gcrích ocht mí dhéag tar éis dháta an Chóid seo. Ina dhiaidh sin, déanfaidh SPI agus TG4 Rátaí Cárta Rátaí a athbhreithniú agus a chomhaontú go frithphárteach gach trí bliana. Comhaontaíonn SPI agus TG4 go leanfaidh an cárta rátaí atá á chur i bhfeidhm roimh gach athbhreithniú den sórt sin d'fheidhm a bheith aige go dtí go ndéantar gach athbhreithniú tréimhsiúil a chur i gcrích agus go mbeidh feidhm ag an gcárta rátaí athbhreithnithe ina dhiaidh sin.

**CRÍOCH / END**

**Cárta ráta do chostas san uair ar ábhar TG4**  
**Athcheadúnú do chraoladh neamhtheoranta il-ardán**

<b>Seánra</b>	<b>Fuinneog</b>	
	<b>2 bhliain</b>	<b>5 bliana</b>
<b><u>Singil</u></b>	<b>€</b>	<b>€</b>
Cláir Faisnéise	1,500	1,750
Ob-doc/dráma faisnéise	1,750	2,000
Siamsaíocht	1,200	1,400
Ceol	1,200	1,400
Dráma	2,000	2,250
<b><u>Sraith</u></b>		
Cláir Faisnéise	1,250	1,500
Ob-doc/dráma faisnéise	1,500	1,750
Siamsaíocht	1,000	1,200
Ceol	1,000	1,200
Dráma	1,750	2,000

**TG4 Rate card per hour of content**  
**Re licensing for unlimited multi platform broadcast**

<b>Genre</b>	<b>Window</b>	
	<b>2 years</b>	<b>5 years</b>
<b><u>Single</u></b>	<b>€</b>	<b>€</b>
Documentaries	1,500	1,750
Ob-doc/drama doc	1,750	2,000
Entertainment	1,200	1,400
Music	1,200	1,400
Drama	2,000	2,250
<b><u>Series</u></b>		
Documentaries	1,250	1,500
Ob-doc/drama doc	1,500	1,750
Entertainment	1,000	1,200
Music	1,000	1,200
Drama	1,750	2,000